
dri

Téarmaíocht an Bhuanchoimeádta Dhigitigh

Gluais Ghaeilge do thaisclanna agus do chartlannaithe

Digital Preservation Terminology

An Irish language glossary for repositories and archivists



This work was led and undertaken by:

Úna Bhreathnach, Gaois, DCU, https://orcid.org/0000-0002-6427-2633

Lisa Griffith, Digital Repository of Ireland, https://orcid.org/0009-0007-3651-1477

Kevin Long, Digital Repository of Ireland, https://orcid.org/0000-0002-1041-2661

Niamh Ní Charra, University of Galway, https://orcid.org/0009-0009-6539-4809

Gearóid Ó Cleircín, Gaois, DCU, https://orcid.org/0000-0003-4555-4675

Brian Ó Raghallaigh, Gaois, DCU, https://orcid.org/0000-0003-3813-1949

Noelia Romero, Digital Repository of Ireland, https://orcid.org/0009-0003-8590-3072

DOI: https://doi.org/10.7486/DRI.cr572260k

Licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International Licence (CC-BY).

D'oibrigh roinnt taighdeoirí éagsúla in Gaois ar an tionscadal. Ina measc siúd, bhí Alma Ní Bhroin, Fírinne Nic an tSaoir, Grace Harkin, Pádraig Flynn agus Molly McKenna. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le Donncha Ó Cróinín agus le Jenny Ní Mhaoileoin ón gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.

Tá DRI maoinithe ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) tríd an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO).

A number of Gaois researchers worked on the project including Alma Ní Bhroin, Fírinne Nic an tSaoir, Grace Harkin, Pádraig Flynn and Molly McKenna. We would also like to thank Donncha Ó Cróinín and Jenny Ní Mhaoileoin from the Terminology Committee, Foras na Gaeilge.

DRI is funded by the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science (DFHERIS) via the Higher Education Authority (HEA).

dri

Téarmaíocht an Bhuanchoimeádta Dhigitigh

Gluais Ghaeilge do thaisclanna agus do chartlannaithe

Digital Preservation Terminology

An Irish language glossary for repositories and archivists



Réamhrá
Introduction

Ba é ab aidhm don tionscadal téarmeolaíochta seo sraith chaighdeánach téarmaí Gaeilge a bhaineann leis an mbuanchoimeád digiteach a chruthú, an liosta a fhoilsiú, agus é a scaipeadh ar phobal an bhuanchoimeádta dhigitigh in Éirinn.


Tá an saothar seo ag tógáil ar thionscadal téarmaíochta níos luaithe a reáchtáil Niamh Ní Charra le tacaíocht ó Ollscoil na Gaillimhe agus an Chartlann Náisiúnta, i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta.

Ní hé cur síos níos saibhre a éascú ar na bailiúcháin dhigiteacha atá sa Ghaeilge an t-aon aidhm amháin atá againn. Anuas air sin, teastaíonn uainn cur síos Gaeilge níos fairsinge a fheiceáil ar ghníomhaíochtaí buanchoimeádta dhigitigh i gcoitinne, agus taighde oscailte sa Ghaeilge a spreagadh.

This terminology project set out to create a standardised set of Irish language terms relating to digital preservation, to produce the list as a publication and to disseminate the list to the digital preservation community in Ireland.

The work builds on an earlier terminology project by Niamh Ní Charra with support from the University of Galway and the National Archives, in liaison with An Coiste Téarmaíochta.

Our aim is to facilitate not just richer description of digital collections that exist in the Irish language, but a more extensive Irish language description of digital preservation activities in general, encouraging open research in the Irish language.



About DRI.ie

Is taisclann dhigiteach, nó cartlann ar líne, CoreTrustSeal-dheimhnithe í Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) atá iontaofa agus a bhfuil mar aidhm aici sonraí digiteacha dhaonnachtaí, oidhreacht chultúrtha agus eolaíochtaí sóisialta na hÉireann a chaomhnú ar mhaithe le rochtain agus fionnachtain fhadtéarmach.

Ós é DRI an t-aon eagraíocht in Éirinn ar a bhfuil sainchúram eisiach as an mbuanchoimeád digiteach, seirbhís faoi leith atá á cur ar fáil ann. Rud leochaileach atá san ábhar digiteach – tá baol ann go gcaillfear an oidhreacht chultúrtha dhigiteach chomhchoiteann atá againn mura ndéanfar buanchoimeád digiteach uirthi, is é sin 'bainistiú gníomhach ar ábhar digiteach in imeacht ama ionas go mbeidh rochtain leanúnach air' (Library of Congress). Bíonn an DRI ag saothrú le hoidhreacht dhigiteach na hÉireann a chosaint do na glúnta atá le teacht.

About Téarma.ie

Is é Téarma.ie an bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge, á bhainistiú ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge (DCU) i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.

Tá c.186,000 iontráil dhátheangach ar fáil sa bhunachar. Is féidir dul i ngleic leis na téarmaí ar bhealaí éagsúla agus is féidir chomh maith an t-ábhar a íoslódáil i bhformáid TBX no TXT. Tá sonraí Téarma.ie á stóráil agus á mbainistiú in **Terminologue**, ardán foinse oscailte um bainistiú téarmaíochta a d'fhorbair Gaois don Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta agus mar áis do thionscadail eile. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoi Terminologue anseo.

About DRI.ie

The Digital Repository of Ireland (DRI) is a CoreTrustSeal-certified trustworthy digital repository, or online archive, for the preservation of Ireland's humanities, cultural heritage, and social sciences digital data for long-term access and discovery.

DRI provides a unique service as the only national infrastructure in Ireland with an exclusive digital preservation remit. Digital content is fragile, meaning that our shared digital cultural heritage is at risk of being lost without digital preservation, described as the 'active management of digital content over time to ensure its ongoing access' (Library of Congress). DRI works to safeguard Ireland's digital legacy for future generations.

About Téarma.ie

Téarma.ie is the national terminology database for Irish, managed by the Gaois research group in Fiontar & Scoil na Gaeilge (DCU) in partnership with the Terminology Committee, Foras na Gaeilge.

Around 186,000 bilingual entries are available in the database. They can be queried in various ways, and the material can also be downloaded in TBX or TXT format. The Téarma.ie data is stored and managed in **Terminologue**, an open-source term-management platform developed by Gaois for the National Terminology Database and as a resource for other projects. You can find out more about Terminologue here.

Comhthéacs an Tionscadail

Cén fáth gur cheart liosta téarmaíochta a fhorbairt?

Niamh Ní Charra

Tugadh isteach agus faomhadh breis is 200 téarma Gaeilge i réimse na cartlannaíochta i dtionscadal a thionscain Niamh Ní Charra, cartlannaí in Ollscoil na Gaillimhe, in 2021. Ní Charra agus Niamh McDonnell, ón gCartlann Náisiúnta, i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta, a stiúir an tionscadal sin.

Agus bailiúchán aitheanta Chonradh na Gaeilge á chatalógú aici, thuig Ní Charra go raibh fadhbanna leis an liostú dátheangach toisc nárbh ann do théarmaíocht oifigiúil Ghaeilge i réimse na cartlannaíochta. Théadh institiúidí náisiúnta i mbun aistriúcháin ar bhonn ad hoc roimhe sin, rud a d'fhág go raibh idir neamhréireachtaí agus bhearnaí ann. Bhí roinnt leaganacha Gaeilge ag freagairt don téarma Béarla céanna i gcásanna áirithe, ní raibh aon leagan Gaeilge ag gabháil le téarmaí áirithe eile, agus bhí roinnt eile de na téarmaí Gaeilge mícheart nó míthreorach. Sampla maith de sin is é an téarma "caomhnú" a bhíodh in úsáid chun "preservation" agus "conservation" an Bhéarla a chur in iúl. Is idirdhealú an-tábhachtach ar fad é sin sa chartlannaíocht, agus tá an t-idirdhealú sin ann idir dhá théarma Gaeilge anois: "caomhnú" ar "conservation" agus "buanchoimeád" ar "preservation". Uaidh sin a tháinig an téarma nuashonraithe níos cruinne ar "Digital Preservation": Buanchoimeád Digiteach!

Faomhadh 214 téarma ginearálta cartlannaíochta go hoifigiúil faoin gcéad tionscadal úd agus cuireadh le Téarma.ie iad. Ba ann a fuarthas spreagadh agus a leagadh síos an cur chuige agus an dúshraith a ndéanfadh Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) forbairt orthu sa tionscadal nua téarmeolaíochta seo i leith an Bhuanchoimeádta Dhigitigh. Bhí ról comhairleach ag Ní Charra sa tionscadal nua, a ndéantar forbairt bhreise ar an léacsacan Gaeilge ann. Le chéile, cuireann siad ar a gcumas d'institiúidí bailiúcháin Ghaeilge a dhéanamh níos inrochtana do chainteoirí dúchais agus aird níos mó a thabhairt ar na cainteoirí sin. Tar éis an tsaoil, an féidir a mhaíomh i ndáiríre go gcuirtear rochtain ionchuimsitheach ar fáil ar bhailiúcháin Ghaeilge mura ndéantar na bailiúcháin sin a chatalógú sa Ghaeilge féin agus más rud é nach bhfuil téarmaí faofa ag cartlannaithe chun tacú leo san obair sin?

Project Context

Why develop a terminology list?

Niamh Ní Charra

In 2021, a project instigated by University of Galway archivist Niamh Ní Charra, and led by Ní Charra and Niamh McDonnell, National Archives of Ireland (NAI), in liaison with An Coiste Téarmaíochta [The Irish Language Terminology Committee], saw the introduction and recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

While cataloguing the iconic Conradh na Gaeilge collection in Galway, Ní Charra had realised there were issues with bilingual listing due to the absence of official archival terminology in the Irish language. Previously, institutes nationally had translated on an ad hoc basis, resulting in inconsistencies and gaps. Some terms were getting several Irish equivalents, others had none, and others again were incorrect or misleading. A good example was the use of the word "caomhnú" to mean either "preservation" or "conservation". This distinction is very important in the archive world, and we now have a separation of the terms in Irish with "caomhnú" specifically meaning "conservation" and "buanchoimeád" meaning "preservation". This gives us the updated and more accurate term for Digital Preservation: Buanchoimeád Digiteach!

The initial project which saw 214 general archival terms officially designated in the Irish language and added to Téarma.ie, provided the inspiration, methodology and groundwork for DRI to expand with this new Digital Preservation terminology project, for which Ní Charra had an advisory role, and which further adds to the Irish language lexicon. Together they enable institutions to make Irish language collections more accessible to and more inclusive of native speakers – after all, can providing access to Irish-medium collections be truly considered inclusive if they are not catalogued in the language itself, and if the archive profession has no designated terms to support that task?

Cur chuige agus cuspóirí an tionscadail

Gearóid Ó Cleircín

Ba iad príomhchuspóirí an tionscadail ó thaobh na téarmeolaíochta de ná (1) an téarmaíocht reatha a chaighdeánú chun comhsheasmhacht a chinntiú i réimsí an bhuanchoimeádta dhigitigh agus léann na cartlannaíochta (2) téarmaí nua a chruthú nuair ba ghá chun bearnaí i stór focal na Gaeilge a líonadh agus (3) sainmhínithe Gaeilge a dhréachtú a mhíneodh agus a bheachtódh na téarmaí.

Maidir leis an gcaighdeánú, ba léir go raibh téarmaí áirithe á n-úsáid go neamh-chomhsheasmhach chun tagairt a dhéanamh don choincheap céanna, mar shampla 'buanchoimeád' agus 'caomhnú' chun tagairt a dhéanamh do 'preservation'. I gcásanna den sórt sin iarradh ar an gCoiste Téarmaíochta cinneadh a dhéanamh maidir le téarma molta ('buanchoimeád' sa chás seo).

Cruthaíodh téarmaí nua i gcás timpeall 50 coincheap ón liosta a chuir DRI ar fáil. Áiríodh orthu seo téarmaí do coincheapa a bhí go hiomlán nua (e.g. 'meath giotán' ar 'bit rot') mar aon le téarmaí cumaisc a bunaíodh ar eilimintí a bhí sa teanga cheana (e.g. 'meiteashonraí tuairisciúla' ar 'descriptive metadata'). Dhréachtaigh taighdeoirí Gaois na téarmaí seo agus cuireadh chuig an gCoiste Téarmaíochta ansin iad lena seiceáil agus lena bhfoilsiú ar Téarma.ie.

Dréachtaíodh na sainmhínithe bunaithe ar phlé le comhghleacaithe in DRI chun cruinneas a chinntiú. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach i gcásanna nuair a bhí idirdhealú caolchúiseach le déanamh idir coincheapa comhchosúla ar nós 'cuardach' agus 'fionnachtain'.

Is féidir teacht ar leagan den bhailiúchán mar bhunachar téarmaíochta ag:

https://www.gaois.ie/ga/terminology/drigaois/terms

Project methodology and objectives

Gearóid Ó Cleircín

The main objectives of the project from a terminological perspective were (1) to standardise existing terminology to ensure consistency across the fields of digital preservation and archival science, (2) to create new terms where necessary to fill gaps in the lexicon of Irish and, (3) to draft Irish definitions that would clearly explain and delineate the terms.

In relation to standardisation, it became clear that certain terms were being used inconsistently to refer to the same concept, for example 'buanchoimeád' and 'caomhnú' to refer to 'preservation'. In such cases the Terminology Committee was asked to make a decision on a preferred term ('buanchoimeád' in this case).

New terms were created in the case of around 50 concepts from the list provided by DRI. These included terms for totally new concepts such as 'bit rot: meath giotán' such as well as compound terms made up of existing elements such as 'descriptive metadata: meiteashonraí tuairisciúla'. These terms were drafted by Gaois researchers and then sent to the Terminology Committee for checking and inclusion in Téarma.ie.

Definitions were drafted in communication with colleagues in DRI in order to ensure their accuracy. This was particularly important in the case of distinguishing between semantically similar concepts such as 'search' and 'discovery'.

A version of the collection can be accessed as a termbase at:

https://www.gaois.ie/en/terminology/drigaois/terms

An tionscadal de réir uimhreacha
The project in numbers

Kevin Long & Noelia Romero

214

Tiomsaíodh liosta de 214 téarma Gaeilge sa tionscadal bunaidh a d'eagraigh Niamh Ní Charra. Bhí an tionscadal sin ag díriú ar na téarmaí cartlannaíochta is mó úsáid, ina measc líon beag a bhain leis an mbuanchoimeád digiteach.

An initial list of 214 terms was compiled and designated in the Irish language in the original project led by Niamh Ní Charra. The project focussed on identifying the most commonly used archival terms which included a small number of those relating to digital preservation.

164

Cuireadh de chúram ar DRI bearnaí a aithint sa liosta thuas a bhain go sonrach le réimse an bhuanchoimeádta dhigitigh. Trí stóir focal éagsúla a bhain leis an gcartlannaíocht a cheadú agus úsáid a bhaint as creataí agus catagóirí cosúil leo siúd a chuireann Core Trust Seal agus an Chomhghuaillíocht ar son Caomhnú Digiteach (DPC) ar fáil, d'aithin DRI bearnaí agus chuir sé dréachtliosta de 164 téarma breise le chéile.

The DRI was tasked with identifying gaps in the list specific to the domain of digital preservation. Consulting various archival vocabularies and using frameworks and categories such as those provided by the Core Trust Seal and the Digital Preservation Coalition (DPC), the DRI identified an initial gap list of 164 additional terms.

28

Cuireadh an liosta sealadach sin i láthair phobal an bhuanchoimeádta dhigitigh agus iarradh aiseolas uathu ag UnConference an DPC a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2024. Aithníodh 28 téarma breise tar éis an chomhairliúcháin sin.

This provisional list was presented for feedback from the digital preservation community at DPC's UnConference held in Dublin in May 2024. An additional 28 terms were identified following this consultation.

83

Laghdaigh DRI an liosta athbhreithnithe sin go 83 téarma. Chuaigh roinnt tosca éagsúla i bhfeidhm ar an gciorrú sin. Bhí cuid de na téarmaí róghinearálta agus níor bhain siad leis an mbuanchoimeád digiteach go sonrach (mar shampla "scanner"). Measadh gur bhain téarmaí áirithe an iomarca le réimse teicniúil eile (mar shampla "widescreen"), agus bhí leagan seanbhunaithe Gaeilge ag gabháil le téarmaí eile cheana féin. Bhain focail áirithe le níos mó ná aon chatagóir amháin díobh sin. Diúltaíodh do roinnt téarmaí breise toisc gurb ann dóibh mar acrainmneacha nó aitheantóirí seanbhunaithe cheana (mar shampla ORCID).

The DRI edited this reviewed list to 83 terms. There were multiple factors influencing this edit. Some terms were too general and did not pertain exclusively to Digital Preservation (e.g. scanner). Some were considered too genre specific (e.g. widescreen), while others already had established existing translations in the Irish language. Some words fell into more than one of these categories. Some additional terms were rejected as they exist as established acronyms or identifiers (e.g. ORCID).

60

Seoladh an liosta ciorraithe téarmaí go Gaois. Rinne foireann Gaois ciorrú eile ar an liosta, rud a d'fhág go raibh thart ar 60 téarma ar an liosta deiridh. Dréachtaíodh téarmaí agus sainmhínithe nua agus cuireadh isteach i mbunachar sonraí comhroinnte in Terminologue iad. Chuir sé sin ar a gcumas do thaighdeoirí Gaois ceisteanna a chur ar chartlannaithe digiteacha DRI faoi théarmaí áirithe agus iad ag obair orthu.

https://www.terminologue.org/docs/info.ga/

The edited list of terms was sent to Gaois, who made a further round of edits, bringing the number to approximately 60 terms. New terms and definitions were drafted and entered in a shared termbase in Teminologue. This allowed Gaois researchers to query specific terms with the DRI digital archivists while working on them.

https://www.terminologue.org/docs/info.en/

68


Ag an bpointe sin, roinneadh na téarmaí leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge, an comhlacht atá freagrach as an nGaeilge a chur cinn ar fud na hÉireann. Déanann an Coiste téarmaíocht údarásach chaighdeánach Ghaeilge a fhorbairt, a fhaomhadh agus a fhoilsiú ar Téarma.ie. D'fhaomh an Coiste 49 téarma nua i mí Dheireadh Fómhair 2024. Cuireadh le chéile iad leis na téarmaí buanchoimeádta dhigitigh a faomhadh faoin tionscadal bunaidh chun oll-liosta de 68 téarma a chruthú.

After review, these terms were shared with An Coiste Téarmaíochta, the Terminology Committee of Foras na Gaeilge, the body responsible for the promotion of the Irish language throughout the island of Ireland. It develops and approves official, authoritative terminology for the Irish language, which is published on Téarma.ie. 49 new digital preservation terms were approved in October 2024, which combined with those already approved from the original project gives a final list of 68 terms.

Liosta
Listings

Idir théarmaí nua agus téarmaí a bhí ann cheana atá sa liosta téarmaíochta seo. Tiomsaítear anseo iad chun liosta cuimsitheach a sholáthar a chuimsíonn an réimse iomlán oibre a bhíonn ar siúl in earnáil an bhuanchoimeádta dhigitigh.

The terminology list is comprised of new and already established terms. They have been combined here to provide a comprehensive list that encompasses the range of work undertaken by professionals in the digital preservation sphere.



	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
	Archival Information Package (s) | AIP (gior)	Pacáiste (fir4) Faisnéise Cartlainne	an information package, consisting of the content information and the associated preservation description information (PDI), which is preserved within an OAIS	pacáiste faisnéise laistigh de Chóras Faisnéise Cartlainne Oscailte (OAIS) lena gcuimsítear an fhaisnéis inneachair agus an fhaisnéis um thuairisciú buanchoimeádta a ghabhann leis
+	bit (s)	giotán (fir1)	the most basic unit of information in computing and digital communication	an t-aonad faisnéise is bunúsaí sa ríomhaireacht agus sa chumarsáid dhigiteach
	bit rot (s)	meath (fir3) giotán	the slow deterioration in the performance and integrity of data stored on storage media	an meathlú mall a tharlaíonn le himeacht ama ar fheidhmíocht agus ar shláine na sonraí ar mheán stórála
+	bite (s) | byte (s)	beart (fir1)	a collection of eight (sometimes nine) bits or electronic signals that, when taken together, represent a piece of information or a machine language program instruction.	Cnuasach d'ocht (nó uaireanta de naoi) ngiotán nó de chomharthaí leictreonacha, a léiríonn, nuair a thógtar le ean e iad, blúire faisnéise nó treoir ríomhchláir I meaisínteanga.
	Bit-level preservation (s)	buanchoimeád (fir) ar leibhéal na ngiotán	keeps a file in its original format with each bit preserved in its original order	comhad digiteach a choinneáil ina fhormáid bhunaidh agus gach giotán de a bheith san ord céanna ina raibh sé tráth a aighnithe
	born-digital record (s)	taifead (fir1) digitghinte	an original record created in digital format	taifead bunaidh a cruthaíodh I bhformáid dhigiteach
+	checksum (s)	suim (bain2) sheiceála	a small-sized block of digital data derived from a larger block of data for the purpose of detecting errors that may have been introduced during its transmission or storage	bloc beag sonraí digiteacha a dhíorthaítear ó bhloc sonraí níos mó ar mhaithe le hearráidí a aimsiú a d'fhéadfadh a bheith tugtha isteach le linn do na sonraí a bheith á n-aistriú nó á stóráil

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
	codec (s)	cóideic (fir4) | codec (en)	a device or computer program that encodes or decodes a data stream or signal	gléas nó ríomhchlár a dhéanann ionchódú nó díchódú ar shruth sonraí nó ar chomhartha
	cold storage (s)	fuarstóras (fir1)	an area where materials can be kept at below normal room temperature	áit inar féidir ábhair a stóráil ag teocht faoi bhun theocht an tseomra
	community archive (s)	cartlann (bain2) phobail	documentation of a group of people that share common interests, and social, cultural and historical heritage, usually created by members of the group being documented and maintained outside of traditional archives	cartlann de chuid grúpa a bhfuil comhleas acu, mar aon le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil, arna cruthú ag baill den ghrúpa féin agus arna cothabháil lasmuigh de chóras na gcartlann traidisiúnta de ghnáth
	content management (s)	bainistíocht (bain3) inneachair	the process for collection, delivery, retrieval, governance and overall management of information in any format	an próiseas I dtaca le bailiú, seachadadh, aisghabháil, rialachas agus bainistiú faisnéise de chineál ar bith
	dark archive (s)	cartlann (bain2) faoi cheilt	a repository that stores archival resources but is accessible only to its custodian	taisclann a stórálann acmhainní cartlainne ach nach bhfuil inrochtana ach dá caomhnóir
	data cleaning (s) | cleaning (s) | data cleansing (s)	glanadh (fir) sonraí	process of detecting and correcting (or removing) corrupt, inaccurate or unwanted records from a record set	an próiseas trína n-aimsítear agus trína gceartaítear (nó trína scriostar) taifid thruaillithe, mhíchruinne nó iomarcacha I dtacar sonraí
+	data integrity (s)	sláine (bain4) sonraí	the maintenance of, and the assurance of, data accuracy and consistency over its life-cycle	cruinneas agus comhleanúnachas sonraí a chothabháil agus a dhearbhú I gcaitheamh a saolré

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
derivative image file (s)	comhad (fir1) íomhá díorthach	a version of a file which has been derived from a master image file, often for access purposes	leagan de chomhad a díorthaíodh ó mháistirchomhad íomhá, rud a dhéantar go ean e a mhaithe le cúrsaí rochtana
descriptive metadata (s)	meiteashonraí (fir iol) tuairisciúla	information that refers to the intellectual content of material and aids discovery of such materials	faisnéis a thagraíonn d'inneachar intleachtúil ábhair agus a chuidíonn le hábhair den ean sin a aimsiú
digital assets management system (s) | DAMS (abbr)	córas (fir1) bainistíochta sócmhainní digiteacha	software used to efficiently and securely store, organize, manage, and share digital files and assets	bogearra a cheaptar chun sócmhainní digiteacha a stóráil, a eagrú, a bhainistiú agus a roinnt ar bhealach slán éifeachtúil
digital cinema package (s) | DCP (abbr)	pacáiste (fir4) digiteach cineama	a collection of digital files used to store and convey digital cinema (DC) audio, image, and data streams	bailiúchán comhad digiteach a úsáidtear chun fuaim, fís, agus sruthanna sonraí cineama dhigitigh a stóráil agus a sheachadadh
digital cultural heritage (s)	oidhreacht (bain3) chultúrtha dhigiteach	cultural, educational, scientific and administrative resources, as well as technical, legal, medical and other kinds of information created digitally, or converted into digital form from existing analogue resources	acmhainní cultúrtha, oideachais, eolaíocha agus riaracháin, chomh maith le faisnéis theicniúil, dlí, leighis agus cineálacha eile faisnéise a chruthaítear go digiteach, nó a thiontaítear go foirm dhigiteach ó acmhainní analógacha atá ann cheana
digital curation (s)	coimeádaíocht dhigiteach (bain3)	the actions taken to select, manage, preserve, and add value to digital data throughout its lifecycle	na bearta a dhéantar chun sonraí digiteacha a roghnú, a bhainistiú, a chaomhnú agus chun luach a chur ean e feadh a saolré

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
+	digital preservation (s)	buanchoimeád (fir1) digiteach	process to ensure that digital information remains accessible and usable in the long term	próiseas chun inrochtaineacht agus inúsáidteacht faisnéise digití a dheimhniú go fadtéarmach
	digital stewardship (s)	maoirseacht (bain3) dhigiteach	the management of digital objects throughout their life cycle to facilitate their long-term preservation and use	oibiachtaí digiteacha a bhainistiú ar feadh a saolré chun a mbuanchoimeád agus a n-úsáid fhadtéarmach a éascú
	digital watermark (s)	comhartha (fir4) uisce digiteach	a pattern of bits, hidden in a digital file, that can be used to provide protection of intellectual property rights	patrún giotán, atá I bhfolach I gcomhad digiteach, is féidir a úsáid chun cearta maoine intleachtúla a chosaint
+	digitization (s) | digitisation (s)	digitiú (fir)	the process of converting information, such as text, photographs, audio and video files, into digital format	an próiseas trína dtiontaítear faisnéis, amhail téacs, grianghraif, nó comhaid fuaime agus físe go formáid dhigiteach
	disaster recovery (s)	athshlánú (fir) ó thubaiste	procedures implemented to restore normal operations after an emergency	nósanna imeachta a chuirtear I bhfeidhm chun gnáthoibríochtaí a athbhunú tar éis éigeandála
	discovery (s)	aimsiú (fir)	the various means in which a digital object can be accessed within a database or other information system	na bealaí éagsúla inar féidir ean e ar oibiacht dhigiteach laistigh de bhunachar sonraí nó córas faisnéise eile
	Dublin Core (™)	Dublin Core (™)	a general purpose metadata vocabulary for describing resources of any type	gluais ghinearálta meiteashonraí a úsáidtear chun tuairisciú a dhéanamh ar acmhainní de gach saghas

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
	duplicate (s)	dúblach (fir1)	one of a number of copies of an object made at the same time from the same master	ceann de líon cóipeanna d'oibiacht a rinneadh I gcomhthráth ón máistirchóip chéanna
+	electronic record (s)	taifead (fir1) leictreonach	a record that is solely for use within computer systems and not intended as a representation of a physical document	taifead a úsáidtear laistigh de chórais ríomhaireachta agus nach leagan é de dhoiciméad fisiceach
+	emulation (s)	aithris (bain2)	the exact execution on a given system of a program written for a different system, producing identical results when identical data are input	ríomhchlár a scríobhadh do chóras ar leith a rith go cruinn ean e ar chóras éagsúil, ionas go bhfaightear na torthaí céanna uaidh nuair a ionchuirtear na sonraí céanna ann
+	file format (s)	formáid (bain2) chomhaid	a standard way that information is encoded for storage in a computer file	córas caighdeánach chun faisnéis a ionchódú lena stóráil I gcomhad ríomhaireachta
+	fixity (s)	buaine (bain4)	the state of being unchanged or permanent in the context of digital object	oibiacht dhigiteach a bheith gan athrú nó socraithe
	format migration (s)	ascnamh (fir1) formáide	the practice of converting an electronic file to a different standard file type to circumvent obsolescence	comhad leictreonach a thiontú go cineál comhaid de chaighdeán eile chun an dífheidhmeacht a sheachaint
	hard deletion (s)	cruascriosadh (fir) | cruascrios (fir)	process whereby the content and all references to it are deleted, including back-ups	próiseas ina scriostar an t-ábhar agus gach tagairt dó, lena n-áirítear cúltacaí

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
+	hypertext (s)	hipirtéacs (fir4)	a document with a nonlinear, multidimensional structure with links between parts, allowing the document to be read in many different sequences	doiciméad a bhfuil struchtúr neamhlíneach, iltoiseach aige mar aon le naisc idir codanna, rud a fhágann gur féidir an doiciméad a léamh I go leor seicheamh éagsúil
	ingest (v)	ionghabháil (br)	the process of accepting electronic content or metadata into an electronic repository or database	an próiseas trína nglactar le hinneachar leictreonach nó meiteashonraí I dtaisclann dhigiteach nó bunachar sonraí
	intellectual entity (s)	aonán (fir1) intleachta	a set of content which is considered a single intellectual unit for the purposes of management and description	tacar inneachair a chaitear leis mar aonad intleachta amháin chun críocha bainistíochta agus tuairisce
+	interoperability (s)	Idir-inoibritheacht (bain3)	the ability of different systems to use and exchange information through a shared format	an cumas a bhíonn ag córais éagsúla faisnéis a úsáid is a mhalartú trí fhormáid chomhroinnte
	long-term preservation (s)	buanchoimeád (fir) fadtéarmach	the act of maintaining correct and independently understandable information over the long term	an próiseas chun faisnéis chruinn atá intuigthe go neamhspleách a chothabháil san fhadtéarma
+	lossless compression (s)	comhbhrú (fir) neamhchaillteach	a data compression algorithm which retains all the information in the data, allowing it to be recovered perfectly by decompression	algartam comhbhrúite sonraí a choinníonn gach faisnéis sna sonraí, rud a fhágann go mbeifear in ann an fhaisnéis a aisghabháil go foirfe trí dhí-chomhbhrú

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
+	lossy compression (s)	comhbhrú (fir) caillteach	a data compression algorithm which reduces the amount of information in the data, rather than just the number of bits used to represent that information	algartam comhbhrúite sonraí a laghdaíonn an líon faisnéise sna sonraí, seachas díreach líon na ngiotán a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a léiriú
	media carrier (s) | handheld media carrier (s)	iompróir (fir3) ean | iompróir (fir3) ean láimhe	a type of storage which is not networked or part of a managed storage system	gléas stórála nach bhfuil líonraithe ná nach cuid de chóras stórála bainistithe é
+	migration (s)	ascnamh (fir1)	The act of moving records from one system to another, while maintaining their authenticity, integrity, reliability and usability. Migration involves a set of organised tasks designed to periodically transfer digital material from one hardware or software configuration to another, or from one generation of technology to another.	Taifid a bhogadh ó chóras amháin go córas eile agus, ag an am céanna, a mbarántúlacht, a n-iomláine, a n-iontaofacht agus a n-inúsáidteacht a choimeád ar bun. Is é atá I gceist le haistriú ná sraith tascanna eagraithe atá ceaptha chun ábhar digiteach a aistriú ó thráth go ean e ó chumraíocht chrua-earraí amháin go ceann eile, nó ó ghlúin áirithe teicneolaíochta go ceann eile.
	Online public access catalog (s) | library catalogue (s) | OPAC (abbr)	catalóg (bain2) ar ean don phobal | catalóg (bain2) leabharlainne | OPAC (gior)	an online database of materials held by a library or group of libraries	bunachar sonraí ar ean de na hábhair atá I seilbh leabharlainne nó grúpa leabharlann

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
	Open Archival Information System (s) | OAIS (abbr)	Córas (fir1) Faisnéise Cartlainne Oscailte | OAIS (gior)	a reference model and standard (ISO 14721) that describes the components and processes necessary for a digital archive, including six distinct functional areas: ingest, archival storage, data management, administration, preservation planning, and access	samhail thagartha agus caighdeán (ISO 14721) a dhéanann cur síos ar na comhpháirteanna agus na próisis atá riachtanach maidir le cartlann dhigiteach, lena n-áirítear sé rannán feidhme: ionghabháil, stóráil chartlainne, bainistíocht sonraí, riarachán, pleanáil bhuanchoimeádta, agus rochtain
+	open source (s)	foinse (bain4) oscailte	denoting software for which the source code is made freely available and may be redistributed and modified	tagraíonn do bhogearraí a bhfuil a gcód foinseach curtha ar ean saor in aisce sa chaoi is gur féidir é a athdháileadh agus a choigeartú
	packing (s)	pacáil (bain3)	the process of putting objects into container files (e.g. .zip, .tar)	an próiseas a bhaineann le hoibiachtaí a chur I gcomhad árthaigh amhail .zip nó .tar
	persistent identifier (s)	aitheantóir (fir3) seasmhach	a long-lasting reference to a document, file, web page, or other object	tagairt fhadmharthanach do cháipéis, comhad, leathanach gréasáin, nó oibiacht eile
	preservation metadata (s)	meiteashonraí (fir iol) buanchoimeádta	information about an object used to protect the object from harm, injury, deterioration, or destruction	eolas faoi oibiacht a úsáidtear chun an oibiacht a chosaint ó dhochar, ó ghortú, ó mheath nó ó scrios
+	proprietary (a)	dílsithe (a3)	refers to a file format of a company, organization, or individual that contains data that is ordered and stored according to a particular encoding-scheme, such that the decoding of this stored data is easily accomplished only with particular software or hardware	tagraíonn d'fhormáid chomhaid atá I seilbh cuideachta, eagraíocht nó duine aonair agus ina bhfuil sonraí atá eagraithe agus stóráilte de réir scéime ionchódaithe ar leith, ionas nach furasta díchódú a dhéanamh ar na sonraí sin gan bogearraí nó crua-earraí ar leith a úsáid

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
	remote storage (s)	cianstóráil (bain3)	facilities for housing materials away from where they are used	saoráidí chun ábhair a stóráil lasmuigh den áit ina n-úsáidtear iad
	representation (s)	léiriúchán (fir1)	a distinct manifestation of an intellectual entity	leagan áirithe d'aonán intleachtúil
+	retrospective scanning (s)	scanadh (fir) siarghabhálach	the digitisation of records originally in paper format and ingestion into an electronic document management system	digitiú taifead a bhí I bhformáid pháipéir ar dtús agus iad a thógáil isteach I gcóras bainistithe doiciméad leictreonach
	reusable media (s)	meáin (fir iol) in-athúsáidte	data storage that enables existing data to be overwritten and replaced with new data	gléasanna stórála lena bhféadtar forscríobh a dhéanamh ar na sonraí atá orthu cheana agus sonraí nua a chur ina n-ionad
	reuse licence (s)	ceadúnas (fir1) athúsáide	a licence that specifies which uses of the material are allowed by the copyright holder concerned and which uses require permission	ceadúnas lena sainítear na bealaí inar féidir ábhar áirithe a úsáid tar éis a fhoilsithe mar aon leis na húsáidí eile a bhfuil cead ag teastáil ina leith
	rights metadata (s)	meiteashonraí (fir iol) maidir le cearta	records information about the intellectual rights to a digital object and system rights to access, view, and edit content	faisnéis a shonraíonn na cearta intleachtúla a bhaineann le hoibiacht dhigiteach agus na cearta córais maidir le cúrsaí rochtana agus eagarthóireachta
	significant properties (s pl)	airíonna (fir iol) suntasacha	the characteristics of digital objects that must be preserved over time in order to ensure the continued accessibility, usability, and meaning of the objects	na saintréithe de chuid oibiachtaí digiteacha nach mór a chaomhnú le himeacht ama chun inrochtaineacht leanúnach, inúsáidteacht, agus brí na n-oibiachtaí a chinntiú

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
soft deletion (s)	bogscriosadh (fir) | bogscrios (fir)	process whereby certain references to withdrawn content are deleted, but not the content itself	próiseas trína scriostar tagairtí áirithe d'ábhar a tarraingíodh siar ach gan an t-ábhar féin a scrios
storage migration (s)	ascnamh (fir1) stórála	the process of copying content from one generation or configuration of digital data storage onto an updated generation or configuration	an próiseas chun ábhar a chóipeáil ó ghlúin nó ó chumraíocht stórála sonraí digiteacha amháin go dtí ceann nuashonraithe
structural metadata (s)	meiteashonraí (fir iol) struchtúir	metadata used to describe relationships between digital files or other digital material which comprise a complex digital object	meiteashonraí a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir comhaid dhigiteacha nó ábhar digiteach eile atá mar chuid d'oibiacht dhigiteach choimpléascach
Submission Information Package (s) | SIP (abbr)	Pacáiste (fir4) Faisnéise Aighneachta	a deposit of digital data plus any documentation and metadata necessary for the archive to facilitate the long term preservation of the data and to provide access for consumers	pacáiste sonraí digiteacha arna sheoladh ag táirgeoir chuig Córas Faisnéise Cartlainne Oscailte (OAIS) mar aon le haon doiciméadacht agus meiteashonraí atá riachtanach don chartlann chun buanchoimeád fadtéarmach na sonraí a éascú agus chun rochtain a éascú don úsáideoir
surrogate (s)	comhad (fir1) ionadach	a digital copy of an analog record, or a web renderable digital copy of a higher quality (master) digital file	cóip dhigiteach de thaifead analógach, nó cóip dhigiteach is féidir a sholáthar ar an ngréasán de chomhad digiteach (máistir) atá ar chaighdeán níos airde

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

	EN TERMS	TÉARMAÍ GA	EN DEFINITION	SAINMHÍNIÚ GA
	technical metadata (s)	meiteashonraí (fir iol) teicniúla	information which can be automatically extracted from a digital file i.e. metadata which has been embedded into a digital file	faisnéis is féidir a bhaint go huathoibríoch as comhad digiteach i.e meiteashonraí atá leabaithe I gcomhad digiteach
+	transformative migration (s)	ascnamh (fir1) nuashonraitheach	the process of converting or upgrading digital objects or systems to a newer generation of hardware and/or software computer technology	an próiseas chun oibiachtaí digiteacha nó córais dhigiteacha a uasghrádú chuig glúin nua crua-earraí agus/nó bogearraí
	WARC format (s) | Web ARChive format (s)	formáid (bain2) WARC | formáid (bain2) cartlainne gréasáin	a file format for web archives that concatenates multiple web resources and their metadata into a single file	formáid chomhaid le haghaidh cartlanna gréasáin lena gcomhcheanglaítear acmhainní gréasáin iomadúla agus a gcuid meiteashonraí in aon chomhad amháin
	WAV (abbr) | Waveform Audio File Format (s)	WAV (gior) | Formáid (bain2) Comhaid Fuaime Tonnchrutha	an accepted audio file format standard for storing an uncompressed, lossless audio bitstream	formáid chaighdeánach comhaid fuaime a nglactar léi go fairsing chun sruth giotán fuaime neamhchomhbhrúite, neamhchaillteach a stóráil
	web archiving (s)	cartlannú (fir) gréasáin	the process of collecting, preserving, and providing enduring access to web content	an próiseas chun ábhar gréasáin a bhailiú agus a chaomhnú mar aon le rochtain sheasmhach a áirithiú air
	write blocker (s)	bacaire (fir4) scríofa	a tool that prevents all computer storage media connected to a computer from being written to or modified	uirlis a choscann scríobh chuig ean stórála ar bith atá nasctha le ríomhaire

* Ciallaíonn + téarma a bhí i measc breis is 200 téarma cartlannaíochta sa Ghaeilge a socraíodh in 2021.

* + signifies existing 2021 recognition of over 200 archival terms in the Irish language.

Buíochas
Acknowledgements

Gearóid Ó Cleircín (Gaois, OCBÁC), Kevin Long (DRI) agus Noelia Romero (DRI) a stiúir agus a rinne an obair seo. D'oibrigh roinnt taighdeoirí éagsúla in Gaois ar an tionscadal. Ina measc siúd, bhí Alma Ní Bhroin, Fírinne Nic an tSaoir, Grace Harkin, Pádraig Flynn agus Molly McKenna.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an ngrúpa comhairleach a chuir comhairle orainn i rith na hoibre seo ar fad. Orthu sin, bhí Brian Ó Raghallaigh (Gaois, OCBÁC), Lisa Griffith (DRI), Niamh Ní Charra (Ollscoil na Gaillimhe) agus Úna Bhreathnach (Gaois, OCBÁC).

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le Donncha Ó Cróinín agus le Jenny Ní Mhaoileoin ón gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge; agus Maeve O'Brien (DRI).

Tá DRI maoinithe ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) tríd an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO).

This work was led and undertaken by Gearóid Ó Cleircín (Gaois, DCU), Kevin Long (DRI) and Noelia Romero (DRI). A number of Gaois researchers worked on the project including Alma Ní Bhroin, Fírinne Nic an tSaoir, Grace Harkin, Pádraig Flynn and Molly McKenna.

We would like to thank the advisory group who provided advice throughout this work including Brian Ó Raghallaigh (Gaois, DCU), Lisa Griffith (DRI), Niamh Ní Charra (University of Galway) and Úna Bhreathnach (Gaois, DCU).

We would also like to thank Donncha Ó Cróinín and Jenny Ní Mhaoileoin from the Terminology Committee, Foras na Gaeilge; and Maeve O'Brien (DRI).

DRI is funded by the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science (DFHERIS) via the Higher Education Authority (HEA).

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

HEA AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS HIGHER EDUCATION AUTHORITY

Teagmháil

Seo thíos sonraí teagmhála Thaisclann Dhigiteach na hÉireann:

Fiosrúcháin ghinearálta r-phoist: dri@ria.ie

Suíomh gréasáin DRI: dri.ie/
Taisclann DRI: repository.dri.ie/

Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi DRI?
Tá bealaí éagsúla ann leis sin a dhéanamh:

Instagram: @dri_ireland

BlueSky: https://bsky.app/profile/dri.ie

Fotha Nuachta agus Imeachtaí:
dri.ie/news-type/news/

Cláraigh le nuachtlitir Chairde DRI:
dri.ie/dri-friends-newsletter/

Contact

The Digital Repository of Ireland's contact details are as follows:

For general email inquiries email: dri@ria.ie

DRI website: dri.ie/
DRI Repository: repository.dri.ie/

Want to learn more about the DRI?
There are several ways to do this:

Instagram: @dri_ireland

BlueSky: https://bsky.app/profile/dri.ie

News & Events Feed:
dri.ie/news-type/news/

Subscribe to the DRI Friends Newsletter:
dri.ie/dri-friends-newsletter/

dri HEA AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS HIGHER EDUCATION AUTHORITY

DRI is funded by the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science (DFHERIS) via the Higher Education Authority (HEA).